Oifig an Choimisinéara Teanga

Scéim Foilseachán faoi Chuid 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Aibreán 2016

Clár an Ábhair

1. Réamhrá 3

2. Faisnéis faoi Oifig an Choimisinéara Teanga: Cé muid féin agus céard a dhéanaimid 5

2.1. Bunú Oifig an Choimisinéara Teanga 5

2.2. Ról, freagrachtaí agus feidhmeanna 5

2.3. Socruithe rialachais agus bainistíochta 6

2.4. Ráiteas Straitéise na hOifige 6

2.5. Tuarascáil Bhliantúil 6

2.6. Struchtúir eagraíochta agus ghrádúcháin 7

2.7. Láthair agus sonraí teagmhála don eagraíocht 8

2.8. Cairteacha do chustaiméirí 8

2.9. Cóid Chleachtais nó Treoirlínte 8

3. Na seirbhísí a chuirimid ar fáil 13

3.1. Seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal 13

3.2. Bealaí ar féidir na seirbhísí sin a rochtain 14

3.4. An méid a chosnaíonn sé na seirbhísí a rochtain, má tá costas 15

3.5. Riarachán na seirbhísí sin 15

3.6. Cearta athbhreithnithe nó achomhairc a bhaineann leis an seirbhísí sin 17

3.7. Tionscadail taighde ar tugadh fúthu i ndáil leis na feidhmeanna na seirbhísí seo. 17

4. Cinntí ar bheartas 19

4.1. Mórthograí beartais lena n-áirítear aon chomhairliúchán poiblí 19

4.2. Faisnéis chúlra maidir le mórthograí beartais agus cinntí 19

4.3. Tuairiscí ar fheidhmiú seirbhísí poiblí ag an Oifig 19

5. Caiteachas 21

5.1. Ráitis airgeadais 21

5.2. Mórphleananna do chaiteachas caipitiúil 21

5.3. Íocaíochtaí nó orduithe ceannacháin d'earraí agus seirbhísí 21

5.4. Maoiniú / urraíocht ar chomhlachtaí neamhphoiblí 21

5.5. Íocaíocht phras 22

6. An chaoi a ndéanaimid caiteachas 23

6.1. Beartais soláthair 23

6.2. Nasc le comórtais tairisceana reatha ar shuíomh gréasáin eTenders 23

6.3. Conarthaí poiblí a bronnadh lena áirítear an cineál conartha, an conraitheoir, luach, dáta an bhronnta, fad agus cur síos achomair (i bhfoirm thábla) os cionn €10K do TF agus os cionn €25K do chonarthaí eile. 24

7. Faisnéis Eile.....25

7.1. Loga nochta um SF.....25

7.2. Tuarascálacha.....25

7.3. Faisnéis arna coinneáil ag an gcomhlacht agus a lorgaítear go rialta.....25

1. Réamhrá

Is eagraíocht pháirtáirithe í Oifig an Choimisinéara Teanga faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Faoi Chuid 8 den Acht sin, éilítear ar chomhlachtaí poiblí scéim a fhoilsiú maidir le faisnéis agus taifid atá i seilbh an chomhlachta agus nach dtagann faoi scóip an Achta a fhoilsiú nó a chur ar fáil i gcomhréir le samhailcscéim agus treoracha atá déanta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chomh fada agus nach bhfuil toirmeasc ar fhoilsiú ná ar sholáthar na faisnéise sin faoin dlí.

Agus an scéim foilseachán sin á hullmhú nó á hathbhreithniú ag comhlacht phoiblí, ní mór aird chuí a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

(a) rochtain phoiblí a cheadú ar an bhfaisnéis atá ag an gcomhlacht um SF;
(b) foilsiú na gcúiseanna a ndearna an comhlacht cinntí a fhoilsiú; agus
(c) foilsiú faisnéise atá ábhartha nó atá ina díol spéise don phobal i gcoitinne i ndáil le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna ginearálta an chomhlachta phoiblí.

2. Faisnéis faoi Oifig an Choimisinéara Teanga: Cé muid féin agus céard a dhéanaimid

2.1. Bunú Oifig an Choimisinéara Teanga

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga sa bhliain 2004 mar thoradh ar theacht i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Is Oifig neamhspléach reachtúil í Oifig an Choimisinéara Teanga a fheidhmíonn ina seirbhís ombudsman agus mar áisíneacht ghéilliúlachta. Is é Uachtarán na hÉireann a cheapann an Coimisinéir Teanga, ar chomhairle ón Rialtas tar éis do Dháil Éireann agus do Sheanad Éireann rún a rith. Maireann téarma an Choimisinéara ar feadh tréimhse sé bliana ach is féidir é nó í a athcheapadh sa ról. Ceapadh Seán Ó Cuirreáin mar an chéad Choimisinéara Teanga ar an 23 Feabhra 2004 agus athcheapadh é ar feadh tréimhse eile sa bhliain 2010. D'éirigh sé as a chúraimí mar Choimisinéir ar an 23 Feabhra 2014. Ceapadh Rónán Ó Domhnaill mar an dara Coimisinéir Teanga ar an 12 Márta 2014.

2.1.1. Acht na dTeangacha Oifigiúla

Shínigh an tUachtarán Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ina dhlí ar an 14 Iúil 2003; tugadh forálacha an Achta i bhfeidhm de réir a chéile thar thréimhse trí bliana. Ba é seo an chéad uair a cuireadh bonn reachtúil le soláthar sheirbhísí an státchórais go ginearálta trí Ghaeilge. Tá sé mar aidhm ag Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú, ar bhealach eagraithe, thar thréimhse ama. Tá sé i gceist ag an reachtaíocht áit agus spás a chruthú don teanga i saol poiblí na tíre.

Aon áit a ndéantar tagairt don "Acht" sa scéim foilseachán seo, is féidir glacadh leis gurb é Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 atá i gceist, mura dtugtar a mhalairt le fios.

2.2. Ról, freagrachtaí agus feidhmeanna

Tá eolas ginearálta ar fáil faoi fheidhmeanna an Choimisinéara Teanga ar shuíomh gréasáin na hOifige ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=rol_an_choimisineara&tid=9

2.3. Socruithe rialachais agus bainistíochta

Tá forfhreagracht ar an gCoimisinéir Teanga maidir le dea-riaradh na hOifige i gcomhréir leis na cleachtais is fearr agus leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

2.3.1. An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí

Mar chuid de chóras feidhmithe na hOifige le cinntiú go bhfuiltear ag cloí le dea-chleachtais agus leis an nósmhaireacht is fearr i réimse an airgeadais, bainistiú riosca agus an phróisis stiúrtha, ceapann an Coimisinéir Teanga coiste neamhspleách iniúchóireachta. Triúr ball a bhíonn ar an gcoiste iniúchóireachta – beirt bhall sheachtracha agus Stiúrthóir na hOifige nó comhalta eile de chuid na foirne. Cuireann an Coiste Iniúchóireachta comhairle neamhspleách agus moltaí ar fáil maidir leis an gcóras iniúchóireachta inmheánaí. Bíonn an Coiste mar thaca agus mar acmhainn d'Oifig an Choimisinéara Teanga agus cuireann sé comhairle ar fáil don Choimisinéir Teanga maidir le riaradh agus forbairt an chórais iniúchóireachta inmheánaí de réir cairte agus téarmaí tagartha.

2.4. Ráiteas Straitéise na hOifige

Foilsítear ráiteas straitéise i gcomhréir leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an Straitéis le linn a tréimhse trí bliana, go háirithe mar thoradh ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara.

Tá fáil ar ráiteas misin agus Ráiteas Straitéise na hOifige 2013-2016 ar an suíomh gréasáin ag http://www.coimisineir.ie/downloads/RaiteasStraiteise2013.pdf

2.4.1. An Plean Gnó

Ullmhaítear Plean Gnó ar bhonn bliantúil chun feidhm a thabhairt don Straitéis agus chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht. Ullmhaítear agus aontaítear an Plean Gnó trí phróiseas foirmiúil comhairleach le foireann na hOifige ag tús na bliana féilire. Sa Phlean Gnó déantar cur síos ar na gníomhaíochtaí atá ar bun chun na spriocanna sa Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Déantar meastachán ar a bhfuiltear ag súil go mbainfí amach le linn na bliana taobh istigh d'amscála sonraithe ar a dtugtar eochairdhátaí ag brath ar an acmhainn foirne agus airgid. Rianaítear na fachtóirí criticiúla a chuideoidh nó a bhainfidh de bhaint amach na dtorthaí sin agus na táscairí faoinar féidir feidhmíocht a mheas.

2.5. Tuarascáil Bhliantúil

Cuirtear Tuarascáil Bhliantúil, maidir le hoibriú Acht na dTeangacha Oifigiúla sa bhliain roimhe sin, ar fáil gach bliain don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta lena leagan os comhair Thithe an Oireachtais. Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisinéir Teanga é seo a dhéanamh laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana faoi alt 30 den Acht. Tá fáil ar thuarascálacha bliantúla na hOifige ar an suíomh gréasáin ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=tuarascail_bhliantuil&tid=24&lang=

2.6. Struchtúir eagraíochta agus ghrádúcháin

2.6.1. Foireann na hOifige

Is státseirbhísigh ón Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta comhaltaí fhoireann an Choimisinéara atá ar iasacht ón Roinn i gcomhréir le halt 7(1) agus (2) den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is faoin Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an líon foirne a bheidh ar fáil don Oifig. Tá seachtar foirne ag an gCoimisinéir Teanga; tá a bhfeidhmeanna agus a ngráid rianaithe sa léaráid seo thíos.



2.6.2. Seirbhísí acmhainní daonna

Soláthraíonn an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta seirbhísí acmhainní daonna do chomhaltaí foirne na hOifige.

2.6.3. Seirbhísí párolla

Is í an tSeirbhís Chomhroinnte Párolla de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a chuireann seirbhísí párolla ar fáil don Oifig. Is ar an mbealach seo a íoctar éilimh ar chostais taistil agus chothabhála

chomh maith. Cloítear le ciorcláin na Roinne Airgeadais maidir le scálaí pá do státseirbhísigh. Íoctar an fhoireann trí chóras íocaíochta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

2.7. Láthair agus sonraí teagmhála don eagraíocht

Tá an Oifig lonnaithe sa Spidéal i gContae na Gaillimhe. Tá sonraí teagmhála na hOifige le fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige http://www.coimisineir.ie/index.php?page=sonrai_tagmhala&tid=3

Tá na sonraí teagmhála chun críche an Achta um Shaoráil Faisnéise le fáil ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=foinf&lang=gaeilge

2.8. Cairteacha do chustaiméirí

Tá rún daingean ag Oifig an Choimisinéara Teanga seirbhís ghairmiúil, éifeachtach, chúirtéiseach a chur ar fáil dár gcustaiméirí go léir. Leagtar amach na caighdeáin seirbhíse ar féidir a bheith ag súil leo ón Oifig i gCairt Custaiméirí na hOifige.

Tá fáil ar an gCairt Custaiméirí agus ar shonraí teagmhála sa chás nach bhfuiltear sásta leis an gcaighdeán seirbhíse a fuarthas ón Oifig ag:

http://www.coimisineir.ie/index.php?page=cairtchustaimeiri&tid=2&lang=gaeilge

2.9. Cóid Chleachtais nó Treoirlínte

2.9.1. Cód Caighdeán & Iompair na Státseirbhíse

Baineann Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse le seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán, iompraíocht chuí agus na caighdeáin is airde ionracais agus státseirbhísigh i mbun dualgas. Mar Oifig a bhfuil cúram Ombudsman agus cúram géilliúlachta uirthi, bítear ag súil leis na caighdeáin is airde chothroime, ionracais, chúirtéise, discréide agus rúndachta in Oifig an Choimisinéara Teanga.

Ós rud é gur státseirbhísigh de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta iad foireann na hOifige, tugann Rannóg Pearsanra na Roinne cóip den Chód Caighdeán **(Ciorclán 26/4)** do gach oifigeach nua agus caithfidh gach oifigeach duillín atá ceangailte leis an gCiorclán a shíniú, ag admháil gur léigh sé/sí é agus go bhfuil a bhfuil sa Chiorclán agus sa Chód tugtha dá (h)aire.

2.9.2. Rúin oifigiúla agus reachtúla

Faoi alt 4 den Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, tá oibleagáid reachtúil ar státseirbhísigh rúndacht agus ionracas na faisnéise a mbíonn teacht acu uirthi le linn a gcuid oibre a chaomhnú. Tá an oibleagáid sin athdheimhnithe in alt 7 den Chód Caighdeán. Tugann Rannóg Pearsanra na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta cóip de **Chiorclán 15/79** do gach oifigeach (ina sonraítear oibleagáid státseirbhíseach maidir le rúndacht) agus caithfidh gach oifigeach dearbhú a shíniú gur léigh siad agus go dtuigeann siad é.

Ní cheadaítear do státseirbhísigh agus iad i mbun dualgas (ná iad sin atá ar pinsean nó ar sos gairme), aon fhaisnéis a fuair siad i rith a gcuid oibre oifigiúla a nochtadh go míchuí (mura

raibh freagracht orthu faisnéis a sholáthar faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise nó go raibh údarás acu ar bhonn éigin eile).

Anuas ar an dualgas ginearálta faoin Acht um Rúin Oifigiúla, leagtar dualgas sonrach ar oifigigh de chuid an Choimisinéara Teanga faoi alt 25 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla gan aon fhaisnéis nó taifead a gheobhaidh siad le linn a gcuid oibre a nochtadh ach amháin chun críche a gcuid feidhmithe faoin Acht.

2.9.3. Na hAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 & 2001

Cuirtear oibleagáid reachtúil faoin Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 ar shealbhóirí oifige poiblí i bpoist shainithe áirithe maidir le leasanna a nochtadh.

Is é cleachtas na hOifige seo go dtugann gach oifigeach ag leibhéal ardoifigigh feidhmiúcháin nó níos airde, dearbhú scríofa nach bhfuil leasanna ar bith, mar a shainítear iad san Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995, dá c(h)uid, nó, ar feadh a (h)eolais iarbhír, de chuid céile nó linbh a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt air/uirthi i gcomhlíonadh fheidhmeanna a p(h)oist. Sa chás go bhfuil, caithfear tuairisc scríofa dá réir a chur faoi bhráid an Choimisinéara Teanga. Coinnítear dearbhuithe scríofa na foirne i seilbh an Choimisinéara Teanga.

2.9.4. Sceithireacht faoi rún

Tá freagracht ar an gCoimisinéir Teanga agus ar gach ball foirne de chuid na hOifige seo féachaint chuige go gcloítear leis na beartais agus na gnásanna riaracháin atá leagtha síos sa gChód Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009.

Sa gchás go bhfuil imní ar bhall foirne:

(1) go bhfuil mírialtachtaí ann i dtaca le tuairisciú airgeadais agus ábhair ghaolmhara, agus
(2) nár tugadh aird mar is cuí ar an gceist nuair a tharraing sé/sí an cheist sin anuas le lucht bainistíochta na hOifige, nó
(3) go bhfuil imní air /uirthi go rachadh sé chun a (h)aimhleasa an mhírialtacht sin a nochtadh nó a tharraingt anuas le lucht bainistíochta na hOifige,

Is féidir leis an mball foirne sin a (h)imní faoi mhírialtacht a nochtadh d'Iniúchóir Inmheánach na hOifige. Beidh an teagmháil sin faoi rún iomlán: ní fhiafróidh an Coimisinéir ná lucht bainistíochta na hOifige den Iniúchóir Inmheánach faoi chéannacht an fhaisnéisí agus ní nochtfaidh an tIniúchóir an chéannacht sin don Choimisinéir, d'aon bhall foirne de chuid na hOifige ná d'aon pháirtí eile.

Is féidir leis an Iniúchóir pé fiosrúcháin is gá a dhéanamh de bhun na faisnéise sin. Má chinneann an tIniúchóir gurbh ann don mhírialtacht a líomhnaíodh, cuirfidh sí/sé tuairisc dá réir faoi bhráid an Choimisinéara Teanga maille le moltaí chun dul i ngleic leis an mírialtacht chéanna taobh istigh de thréimhse ama a shonrófar sa tuairisc.

Má thagann an tIniúchóir Inmheánach ar an tuairim nár tugadh aird a dóthain ar mholtaí a t(h)uairisce chun an Choimisinéara, cuirfidh sí/sé an scéal faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí na hOifige.

2.9.5. Beartas taistil agus costais taistil agus chothaithe

Fágann dualgais reachtúla na hOifige go mbíonn ar oifigigh taisteal chun críche gnó (cruinnithe, seisiúin eolais, ócáidí poiblí srl.) ar fud na tíre agus ar bhonn eisceachtúil thar lear. Mar státseirbhísigh, caithfidh oifigigh cloí leis na treoracha agus na coinníollacha atá leagtha síos sna ciorcláin ábhartha agus iad ag taisteal nó ag ceadú turas oifigiúil mar bhainisteoirí (Ciorclán 11/82 an ceann is tábhachtaí díobh). Íoctar liúntas ar chostais taistil agus chothabhála de réir na rátaí a leagtar síos ó am go ham don státseirbhís.

2.9.6. Deimhniú maidir le géilliúlacht na hOifige i gcúrsaí cánach

Tá sé ina bheartas teastas imréitigh cánach a fháil don Oifig.

2.9.7. Rialacháin maidir le hathúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí

Cloíonn an Oifig leis na Rialacháin [*Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Athúsáid Faisnéise ón Earnáil Phoiblí), 2005 S.I. Uimh. 279 de 2005*] maidir le hathúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí agus molann an Oifig go n-athúsáidfí an fhaisnéis a tháirgtear. Tugtar eolas maidir leis seo ar shuíomh gréasáin na hOifige.

2.9.8. Ciorcláin ar chaiteachas teicneolaíochta faisnéise

Cloíonn an Oifig leis na ciorcláin maidir le caiteachas teicneolaíochta faisnéise. Cuirtear tuairiscí maidir le caiteachas sa réimse seo faoi bhráid na Roinne Airgeadais, de réir mar a lorgaítear a leithéid ar bhonn bliantúil.

2.9.9. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 & 2003

Cloíonn an Oifig leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 & 2003. Coinnítear sonraí maidir leis na páirtithe leasmhara atá ag an Oifig, go háirithe gearánaigh, go cúramach ar chomhaid chrua agus ar chomhaid leictreonacha na hOifige. Mar oifig ombudsman, tá sé de nós ag an Oifig sonraí na ngearánach a choinneáil rúnda agus muid ag plé le comhlachtaí poiblí ach amháin sa chás gur gá sonraí na ngearánach a thabhairt ar mhaithe leis an ngearán a réiteach. Más gá é seo a dhéanamh, lorgaítear cead ón ngearánach roimh ré.

2.9.10. An tAcht um Míchumas, 2005

Tá Oifigeach Rochtana ceaptha ag an Oifig de réir fho-alt 26(2) den Acht um Míchumas, 2005. Tá an tOifigeach Rochtana freagrach as cabhair agus treoir a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas agus iad ag iarraidh teacht ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig.

De réir alt 38 den Acht um Míchumas, 2005, is féidir le duine gearán a dhéanamh leis an Oifig má mheasann sé/sí nach bhfuil an Oifig ag cloí leis an Acht sin. Tá Oifigeach Fiosrúchán ceaptha ag an Oifig le gearáin faoi alt 38 a fhiosrú. Tugtar eolas maidir leis seo ar shuíomh gréasáin na hOifige ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=accessibility&tid=25&lang=gaeilge

2.9.11. Ráiteas Sláinte & Sábháilteachta na hOifige

Cloíonn an Oifig leis an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta. Ullmhaítear Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta i gcomhréir le forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

2.9.12. Cód Disciplíneach na Státseirbhíse

Cloíonn an Oifig le Cód Disciplíneach na Státseirbhíse. (**Ciorclán 14/2006**)

3. Na seirbhísí a chuirimid ar fáil

3.1. Seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal

Tá na príomhsheirbhísí a chuireann an Coimisinéir Teanga ar fáil don phobal nó thar ceann an phobail sonraithe in alt 21 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla.

- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí agus gach beart riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí a ndualgais faoin Acht.

- Gearáin ón bpobal a fhiosrú agus imscrúduithe a sheoladh as a stuaim féin, ar iarratas ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta nó mar thoradh ar ghearán a bheith déanta leis ag aon duine i gcás ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá sé de cheart freisin go bhfiosróidh an Coimisinéir Teanga aon ghearán bailí ina líomhnaítear nach bhfuil foráil d'aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge á comhlíonadh.

- Comhairle a chur ar fáil don phobal maidir lena gcearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

- Comhairle a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais teanga faoin Acht.



3.2. Bealaí ar féidir na seirbhísí sin a rochtain

Is féidir leis an bpobal nó le comhlachtaí poiblí teagmháil a dhéanamh leis an Oifig seo trí chuairt a thabhairt uirthi (le linn gnáthuaireanta oifige), scríobh chuici nó glaoch fóin a chur uirthi. Tá na sonraí teagmhála le fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=sonrai_tagmhala&tid=3

Ina theannta sin, tá seirbhís idirghníomhach chun gearán a dhéanamh ar an suíomh ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=aiseolas&tid=32&lang=

Tá treoirleabhar ar fáil ina bhfeartar eolas breise faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi fheidhmiú an Achta sin agus go háirithe faoi dhualgais teanga comhlachtaí poiblí agus cearta teanga an duine faoin reachtaíocht, ag http://www.coimisineir.ie/downloads/Treoirleabhair4.pdf

Tá eolas faoi na dualgais teanga a bhaineann le comharthaí tráchta faoi na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus foirm ghearáin le fáil ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=trafficsigns&tid=42

3.3. Faisnéis faoi ghníomhaíochtaí agus cúraimí reachtúla an Choimisinéara Teanga

Is comhlacht poiblí páirtdhíolmhaithe í Oifig an Choimisinéara Teanga faoi alt 3 den *Freedom of Information Act (Exempt Public Bodies Order) 2015*. Ciallaíonn sé sin go bhfuil taifid áirithe a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cúraimí reachtúla dá cuid nach dtagann faoi scáth an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Baineann na taifid seo le príomhfheidhmeanna reachtúla an Choimisinéara faoi alt 21 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003:

- Taifid a bhaineann le himscrúduithe agus a bhaineann le hiniúchtaí ar chomhlachtaí poiblí agus céimeanna eile a ghlactar chun géilliúlacht a dheimhniú.
- An fhaisnéis a fhaightear san Oifig i dtaca le comhairle a thabhairt do dhaoine den phobal maidir lena gcearta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla nó i dtaca le comhairle a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Anuas air sin, leagtar síos in alt 41(1)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise nach mór diúltú d'iarratas ar fhaisnéis má tá toirmeasc ar nochtadh na faisnéise sin faoi aon achtachán eile. I

gcás Oifig an Choimisinéara Teanga, leagtar síos in alt 25 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla nach ndéanfar aon fhaisnéis a gheobhaidh an Coimisinéir (nó oifigigh dá chuid) i gcúrsaí a chuid feidhmeanna ach amháin chun críche na bhfeidhmeanna sin nó chun críocha aon ráiteas, tuarascáil nó fógra atá le tabhairt faoin Acht sin. Tá taifid áirithe i seilbh Oifig an Choimisinéara Teanga nach dtagann faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

3.4. An méid a chosnaíonn sé na seirbhísí a rochtain, má tá costas

Ní ghearrtar táille ar aon seirbhís de chuid na hOifige.

3.5. Riarachán na seirbhísí sin

3.5.1. Monatóireacht

Áirítear ar cheann d'fheidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teanga faireachán a dhéanamh ar an mbealach a gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a ndualgais reachtúla teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is é an príomhchuspóir atá leis an obair faireacháin seo ná a chinntiú, a oiread agus is féidir, go gcloíonn comhlachtaí poiblí leis na dualgais atá leagtha orthu maidir le húsáid na dteangacha oifigiúla.

Is é an gnáthchleachtas go n-ullmhaítear plean iniúchta ar bhonn bliana ina mbíonn trí réimse faireacháin:

I. Faireachán ar chur i bhfeidhm scéimeanna teanga.
II. Iniúchadh ar chomhlíonadh dualgas áirithe teanga faoin Acht i gcás na gcomhlachtaí poiblí nó aicme de chomhlachtaí poiblí.
III. Faireachán ar chur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe.

I. Faireachán ar scéimeanna teanga

Tá córas na scéimeanna teanga ina chuid lárnach den Acht ó tharla gurb é seo an phríomh-mheicníocht atá ar fáil chun dualgas reachtúil a leagan ar chomhlachtaí poiblí breis seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Is é an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a aontaíonn scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí agus níl aon bhaint ag Oifig an Choimisinéara Teanga leis an bpróiseas sin. Is cúram don Oifig, áfach, faireachán a dhéanamh ar an mbealach a gcuireann comhlachtaí poiblí na scéimeanna teanga i bhfeidhm.

Is gnách leis an Oifig seo scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag comhlachtaí poiblí i gcur i bhfeidhm na scéime teanga tar éis chéadbhliain feidhme na scéime. Tá sé mar chuspóir leis an méid seo a chinntiú go bhfuil córais, struchtúir agus socruithe cuí á gcur in áit a chinnteoidh go n-éireoidh leis an gcomhlacht poiblí na gealltanais reachtúla a chur i ngníomh laistigh de thréimhse feidhmiúcháin na scéime. Dírítear san iniúchadh tríú bliain ar fhianaise a bheith ar fáil a léiríonn gur éirigh leis an gcomhlacht poiblí forálacha na scéime teanga a chur i bhfeidhm go cuí.

Cuimsíonn an próiseas faireacháin comhlánú foirme ceistiúcháin, cruinnithe, soláthar fianaise nó soiléirithe breise.

II. Iniúchadh ar chomhlíonadh dualgas áirithe teanga faoin Acht i gcás na gcomhlachtaí poiblí nó aicme de chomhlachtaí poiblí

Ag brath ar nádúr an dualgais nó an iniúchta, d'fhéadfadh gníomhartha éagsúla a bheith i gceist anseo de réir mar a oireann don chás lena n-áirítear comhfhreagras le comhlachtaí poiblí, cuairteanna ar láithreacha agus scrúdú fianaise ábhartha.

I gcás I agus II thuas, má thagann an Coimisinéir ar an tuairim nach bhfuil dualgas reachtúil teanga á chomhlíonadh ag comhlacht poiblí agus nárbh fhéidir teacht ar chomhaontú leis an gcomhlacht poiblí maidir lena chomhlíonadh, is féidir leis an gCoimisinéir, as a chomhairle féin, imscrúdú a thionscnamh faoi alt 21(c) den Acht.

III. Faireachán ar chur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe

Sa gcás go ndéanann an Coimisinéir imscrúdú faoi alt 21(c) nó (f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla agus go ndéanann an Coimisinéir moltaí i dtuarascáil an imscrúdaithe, tá dualgas air ansin, faoi alt 26(5) den Acht, faireachán a dhéanamh tar éis "tréimhse ama réasúnach", chun a dheimhniú gur cuireadh na moltaí sin i ngníomh.

Is iondúil go scríobhtar chuig Príomhfheidhmeannach an chomhlachta phoiblí agus cuirtear ceisteanna sonracha sa litir. Iarrtar air nó uirthi a dheimhniú gur cuireadh i bhfeidhm na moltaí ina n-iomláine nó a mhíniú cén staid ina bhfuil an cur i bhfeidhm sin. Is féidir, ag brath ar an gcás, go n-iarrfaí orthu fianaise a chur ar fáil a thacódh leis an deimhniú atá á thabhairt.

Déantar athbhreithniú ar an gceist ansin agus déantar cibé rud is gá chun fírinne na staide reatha a dheimhniú chun sástacht an Choimisinéara.

Sa gcás nach féidir leis an gCoimisinéir é féin a shásamh go bhfuil na moltaí sin curtha i ngníomh nó má thagann sé ar an tuairim nach bhfuil siad curtha i ngníomh, is féidir leis tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag cur in iúl don Oireachtas go bhfuil ag teip ar chomhlacht poiblí dlí de chuid na tíre a chur i bhfeidhm.

3.5.2. Gearáin agus imscrúduithe

Nuair a dhéanann duine den phobal gearán leis an gCoimisinéir Teanga, is nós leis an Oifig seo réamhfhiosruithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh mar chéad chéim den phróiseas faoina dtionscnaítear imscrúdú. Tugtar deis don chomhlacht poiblí le linn na réamhfhiosruithe sin faisnéis, tosca nó cúinsí a cheapann sé féin a bheith ábhartha a chur faoi bhráid na hOifige seo. Bíonn deis chomh maith ag an gcomhlacht poiblí réiteach a mholadh i gcás go n-aontaítear gur sáraíodh an fhoráil reachtúil teanga atá i gceist. I bhfianaise thoradh na réamhfhiosruithe thuasluaite, déanann an Coimisinéir Teanga cinneadh pé acu an gá nó nach gá leanúint den phróiseas agus imscrúdú iomlán foirmiúil a thionscnamh mar atá d'údarás aige a dhéanamh faoi fho-alt 21(c) den Acht, nó an féidir scor den phróiseas ag an staid sin.

Sa gcás gur dóigh leis an gCoimisinéir go bhfuil sárú reachtúil i gceist nó gur féidir go bhfuil sárú i gceist agus nár éirigh leis an bpróiseas neamhfhoirmiúil, is féidir leis, as a chomhairle

féin, imscrúdú a thionscnamh faoi alt 21 (c) nó (f) den Acht. Tá an tslí a dtionscnaítear imscrúdú agus a ndéantar tuarascáil ar fhionnachtana agus ar mholtaí na tuarascála leagtha amach in ailt 23-26 den Acht.

Mínítear an tslí a riartar na réamhfhiosruithe neamhfhoirmiúla gearán agus na himscrúduithe i leabhrán eolais a bhfuil fáil air ar an suíomh gréasáin ag http://www.coimisineir.ie/downloads/BileogGhearan.pdf

3.5.3. Comhairle don phobal agus do chomhlachtaí poiblí

Is feidhm reachtúil de chuid an Choimisinéara Teanga:

- comhairle a chur ar fáil don phobal maidir lena gcearta teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla,
  agus
- comhairle a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais teanga faoin Acht.

Cuirtear comhairle ar fáil go príomha ar na slite seo a leanas:

(i) Cuirtear comhairle ar fáil ar iarratas ón bpobal nó ó chomhaltaí de chomhlachtaí poiblí i scríbhinn, nó ó bhéal. Is féidir gnáthshonraí teagmhála a úsáid chuige sin (féach mír 3.2 thuas).

(ii) Tá treoirleabhar faoin Acht foilsithe ag an Oifig
http://www.coimisineir.ie/downloads/Treoirleabhair4.pdf

Agus freagraí ar cheisteanna coitianta ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige
http://www.coimisineir.ie/index.php?page=ceisteanna_coitianta&tid=2&lang=

(iii) Glacann an Oifig céimeanna chun cearta agus dualgais faoin Acht a phoibliú go réamhghníomhach trí sheimineáir eolais a reáchtáil agus feachtais phoiblíochta faoi ghnéithe áirithe den Acht a thionscnamh de réir mar a fheictear go bhfuil gá.

3.6. Cearta athbhreithnithe nó achomhairc a bhaineann leis an seirbhísí sin

Faoi alt 28 den Acht, féadfaidh páirtí in imscrúdú nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara difear dó nó di achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Ní mór an t-achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí sin a fháil.

3.7. Tionscadail taighde ar tugadh fúthu i ndáil leis na feidhmeanna na seirbhísí seo.

Níor thug an Oifig seo faoi aon tionscadal taighde ná níor tugadh faoi aon tionscadal taighde thar a ceann go nuige seo.

4. Cinntí ar bheartas

4.1. Mórthograí beartais lena n-áirítear aon chomhairliúchán poiblí

Is ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá an phríomhfhreagracht maidir le beartais an Stáit i leith chur chun cinn na Gaeilge agus na Gaeltachta, de réir shainordú na Roinne sin.

Tá feidhmeanna agus dualgais reachtúla an Choimisinéara Teanga forordaithe san Acht féin agus baineann siad go heisiach le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de chuid an Achta sin. Ní chuimsíonn siad cinntí maidir le beartas. Foráiltear faoi alt 29 den Acht gur féidir leis an gCoimisinéir tráchtaireachtaí a dhéanamh ar fheidhm phraiticiúil agus ar oibriú fhorálacha an Achta nó de chuid an Achta.

Is í an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge príomhbheartas an Stáit i leith chur chun cinn úsáid na Gaeilge agus tá ról lárnach ag an Roinn i gcomhordú chur i bhfeidhm na straitéise sin: http://www.ahg.gov.ie/app/uploads/2015/07/Straiteis-20-Bliain-Leagan-Gaeilge.pdf

Deimhnítear ról Acht na dTeangacha Oifigiúla mar ghné amháin den Straitéis sin, go háirithe i dtaca le Cuspóir 2 a bhaineann le forbairt chearta an phobail an Ghaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an Stát.

4.2. Faisnéis chúlra maidir le mórthograí beartais agus cinntí

i. I mí Iúil 2008, ghlac an Coimisinéir Teanga le cuireadh ón ngrúpa comhairleach a bhí ceaptha le hoibriú ar ullmhú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge plépháipéar a chur ina láthair.

   http://www.coimisineir.ie/downloads/STRAITEIS_2016.pdf

ii. D'fhoilsigh an Coimisinéir Teanga tuairisc ar fheidhm phraiticiúil agus ar oibriú fhorálacha an Achta faoi alt 29 in 2011 i gcomhthéacs an athbhreithnithe a rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar an Acht. Tá an tuairisc sin le fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige ag http://www.coimisineir.ie/downloads/ATHBHREITHNIUarACHTnadTEANGACHAOIFIGIULA_OifiganChoimisinearaTeanga.pdf

4.3. Tuairiscí ar fheidhmiú seirbhísí poiblí ag an Oifig

Déantar tuairisc ar fheidhmiú sheirbhísí na hOifige sa Tuarascáil Bhliantúil gach bliain.

5. Caiteachas

Tá freagracht ar an gCoimisinéir Teanga faoi alt 8(1) den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé. Cuimsíonn an dualgas an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach in áit agus á chur i bhfeidhm maidir le rialú inmheánach agus cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na sócmhainní sábháilte, beartais údaraithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go laghdaítear an baol go dtarlódh botúin thábhachtacha nó mírialtachtaí, nó go dtabharfaí faoi deara iad in am cuí.

Tá córais i bhfeidhm in Oifig an Choimisinéara Teanga maidir le rialú inmheánach airgeadais sa chaoi is go bhfuil cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na sócmhainní sábháilte, beartais údaraithe, taifead ceart déanta orthu agus go laghdaítear an baol go dtarlódh botúin thábhachtacha nó mírialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad in am cuí.

Ina theannta sin, tá sé ina pholasaí ag an Oifig córas iniúchóireachta inmheánaí ar ardchaighdeán a bheith i bhfeidhm aici a thagann leis na cleachtais is fearr atá aitheanta chuige sin go reachtúil sa státchóras. Tá iniúchóir cáilithe inmheánach ag an Oifig a thagann ar cuairteanna rialta le hiniúchadh a dhéanamh ar chuntais airgeadais na hOifige. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairiscí faoi bhráid an choiste iniúchóireachta maidir le torthaí na scrúduithe a dhéantar.

Tugann an Coimisinéir Teanga Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach na hOifige sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil a chuirtear faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

5.1. Ráitis airgeadais

Cuirtear na ráitis airgeadais bhliantúla faoi chaiteachas na hOifige faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ina dhiaidh sin faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta lena leagan os comhair Thithe an Oireachtais. Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisinéir Teanga é seo a dhéanamh faoi alt 8 den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is féidir cóipeanna de na ráitis airgeadais a foilsíodh go dtí seo a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na hOifige ag http://www.coimisineir.ie/index.php?page=airgeadais&tid=24

5.2. Mórphleananna do chaiteachas caipitiúil

Níl aon mhórphlean ag an Oifig san am i láthair maidir le caiteachas caipitiúil.

5.3. Íocaíochtaí nó orduithe ceannacháin d'earraí agus seirbhísí

Ní dhearnadh aon ordú ceannacháin d'earraí ná do sheirbhísí níos mó ná €20,00 go fóill.

5.4. Maoiniú / urraíocht ar chomhlachtaí neamhphoiblí

Ní dhearnadh urraíocht de bhreis ar €10,000 ar aon ghrúpa ná eagraíocht neamhphoiblí.

5.5. Íocaíocht phras

Is é beartas Oifig an Choimisinéara Teanga soláthraithe a íoc go pras agus i gcomhréir le forálacha reachtúla faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (arna leasú ag na *European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2002*) agus cinntí ábhartha Rialtais.

Leagtar síos sa reachtaíocht thuasluaite nach mór sonraisc bhailí a íoc taobh istigh de 30 lá ón dáta a bhfaightear iad.

I gcomhréir le cinntí Rialtais a rinneadh ar an 2 agus an 8 Márta 2011 (S29296), leagadh dualgas ar eagraíochtaí stáit córais chuí a fheidhmiú ionas go n-íocfaí sonraisc bhailí laistigh de 15 lá ón dáta a bhfaightear iad. Tá dualgas ar eagraíochtaí stáit, chomh maith, tuairisc ráithiúil maidir leis an ábhar seo a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin.
http://www.coimisineir.ie/downloads/IocaiochtaiPras2015b.pdf

I gcás sonrasc nach bhfuil iníoctha de dheasca easnaimh nó míchruinnis, cuirfear in iúl é don soláthraí, tráth nach déanaí ná 10 lá ón dáta a fuarthas an sonrasc uaidh.

6. An chaoi a ndéanaimid caiteachas

6.1. Beartais soláthair

Déantar cinnte de go bhfuil an Oifig ag cloí leis na forálacha a bhaineann le soláthar poiblí agus leis na tairseacha i leith luach reatha i dtaca le feidhmiú rialacha an Aontais Eorpaigh agus na rialacha náisiúnta um sholáthar.

Cuireann an Oifig um Soláthar Rialtais (http://www.procurement.ie) seirbhís láraithe soláthair ar fáil do Ranna agus Eagraíochtaí Stáit maidir le réimse leathan d'ábhar clóite, stáiseanóireachta, soláthairtí oifige agus seirbhísí eile. Ón 1 Meán Fómhair 2012, tá sé éigeantach do chomhlachtaí poiblí lánúsáid a bhaint as na seirbhísí agus na soláthairtí a thagann faoi na conarthaí atá bronnta ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair i ngach cás gur féidir é.

I gcás soláthairtí nó seirbhísí nach bhfuil clúdaithe ag an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, is é gnáthchleachtas na hOifige seo próiseas iomaíoch tairiscintí a leanúint nuair atáthar ag ceannach seirbhíse nó soláthairtí i gcomhréir le treoracha reatha na Roinne Airgeadais (*Public Procurement Guidelines – Competitive Process*) agus leis na treoracha agus leis na ciorcláin a eisíonn an Roinn ó thráth go chéile (www.etenders.gov.ie).

Is é seo a leanas cleachtas ginearálta na hOifige san am i láthair ó thaobh na dtairseach luacha:

- **Suim nach mó ná €5,000:** Ní mór don phróiseas a bheith údaraithe ag oifigeach ag grád nach ísle ná Ardoifigeach Feidhmiúcháin. Ceadaítear tairiscint amháin nó níos mó a lorg ó bhéal. Lorgaítear 3 thairiscint scríofa ar a laghad, áfach, i ngach cás go bhfuil sé sin infheidhmithe.
- **Suim idir €5,001 agus €24,999:** Ní mór don phróiseas a bheith údaraithe ag oifigeach ag grád nach ísle ná Príomhoifigeach Cúnta. Lorgaítear 3 thairiscint scríofa ar a laghad.
- **Suim €25,000 nó níos mó**: Ní mór don phróiseas a bheith údaraithe ag oifigeach ag grád nach ísle ná Príomhoifigeach. Fógraítear an conradh ar an suíomh gréasáin www.entenders.gov.ie i gcomhréir le Ciorclán S9/24/07.

Cé is moite de sheirbhísí a chuirtear ar fáil tríd an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair, tá sé de nós ag an Oifig teastais imréitigh cánach a lorg ó sholáthraithe tríú páirtí

(i) ar a mbronntar conradh de thoradh próiseas iomaíoch tairisceana,

agus

(ii) in aon chás ina n-íoctar breis agus €10,000 thar aon tréimhse dhá mhí dhéag le soláthraí tríú páirtí.

6.2. Nasc le comórtais tairisceana reatha ar shuíomh gréasáin eTenders

Níl aon chomórtas tairisceana reatha ag an Oifig ar shuíomh gréasáin *eTenders*

6.3. Conarthaí poiblí a bronnadh lena áirítear an cineál conartha, an conraitheoir, luach, dáta an bhronnta, fad agus cur síos achomair (i bhfoirm thábla) os cionn €10K do TF agus os cionn €25K do chonarthaí eile.

Uimhir ***Number***	**Conradh Aonair nó Creata? Single Contract or Framework?**	**Conraitheoir** ***Contractor***	**Luach** ***Value***	**Cineál Conartha** ***Type of Contact***	**Dáta Bronnta** ***Award Date***	**Fad an Chonartha i Míonna** ***Length in Months***	**Cineál Seirbhíse** ***Type of Service***
T8-2016	Aonair	myITdeparmtent.ie Hazelbrook, Athleague, Roscommon F24E516	€33,461	Seirbhís *Service*	29/02/2016	36	Seirbhís Tacaíochta Ríomhairí *Computer Support Service*

7. Faisnéis Eile

7.1. Loga nochta um SF

Foilsítear ar shuíomh gréasáin na hOifige taifead ar gach iarratas a fhaigheann Oifig an Choimisinéara Teanga faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar eolas neamhphearsanta ón 14 Aibreán 2015 ar aghaidh (an dáta ar tháinig an tAcht i ngníomh). Tugtar táblaí na dtaifead seo cothrom le dáta go rialta.

http://www.coimisineir.ie/index.php?page=foinf&lang=gaeilge

7.2. Tuarascálacha

Foilsíonn an Oifig na tuarascálacha seo a leanas agus bíonn fáil orthu ar shuíomh gréasáin na hOifige:

- **Tuarascálacha Bliantúla** (féach freisin mír 2.5 thuas): http://www.coimisineir.ie/index.php?page=tuarascail_bhliantuil&tid=24

- **Tuarascálacha Airgeadais** (féach freisin mír 5.1 thuas) http://www.coimisineir.ie/index.php?page=airgeadais&tid=24

- **Tuarascálacha ar Fhionnachtana Imscrúdaithe faoi Alt 26 den Acht** (féach freisin mír 3.4.2 thuas). Achoimrí ar fáil http://www.coimisineir.ie/index.php?page=imscrudaithe&tid=32&lang=

- **Tuarascálacha chuig Tithe an Oireachtais faoi Alt 26(5) den Acht** (féach freisin mír 3.4.1 thuas) http://www.coimisineir.ie/index.php?page=tuarascail_eile&tid=24

- **Tuarascáil faoi Alt 29 den Acht** (Tráchtaireacht ar chur i bhfeidhm an Achta, féach mír 4.2 thuas) http://www.coimisineir.ie/downloads/ATHBHREITHNIUarACHTnadTEANGACHAOIFIGIULA_OifiganChoimisinearaTeanga.pdf

7.3. Faisnéis arna coinneáil ag an gcomhlacht agus a lorgaítear go rialta

- **Príomhóráidí an Choimisinéara Teanga** http://www.coimisineir.ie/index.php?page=Oraid&tid=22

- Tá sé ina bheartas ag an gCoimisinéir Teanga eolas faoi aon liúntas i leith caiteachas a aisíocadh leis a fhoilsiú ag deireadh gach ráithe: **http://www.coimisineir.ie/downloads/Liuntais2015b.pdf**